C/2026/4071

23.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12454 — ELECTROLUX / MIDEA / JVs)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4071)

1. An 13 Iúil 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Midea America Corp. (na Stáit Aontaithe) agus Midea Electrics Netherlands B.V.A (an Ísiltír), an dá cheann faoi rialú Midea Group Co., Ltd. ('Midea', an tSín),

— Electrolux Consumer Products, Inc. ('ECP', na Stáit Aontaithe) agus Electrolux de Mexico S.A. de CV ('EDM', Meicsiceo), an dá cheann faoi rialú Electrolux AB ('Electrolux', an tSualainn).

Gheobhaidh Midea agus Electrolux rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Electrolux Home Products de Mexico, S.A. de C.V. ('MXP'), atá faoi úinéireacht EDM, agus ar thrí chomhfhiontar nuachruthaithe (le chéile, an 'Spriocghnóthas').

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta teicneolaíochta dhomhanda é Midea atá eagraithe ina rannáin éagsúla, lena n-áirítear Táirgí Baile Chliste, Teicneolaíocht Thionsclaíoch, Teicneolaíocht Foirgníochta Chliste, Róbataic agus Uathoibriú, Réitigh Fuinnimh, Cúram Sláinte agus Lóistíocht Chliste. Tá Midea gníomhach go háirithe i monarú agus i soláthar fearas leictreach, lena n-áirítear raon leathan fearas tomhaltóirí agus tí,

— Is soláthróir domhanda fearas leictreach é Electrolux, lena n-áirítear raon leathan fearas tomhaltóirí agus tí.

3. Is iad na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an Spriocghnóthas fearais chuisniúcháin agus níocháin a fhorbairt, a mhonarú, a mhargú agus a sholáthar sna Stáit Aontaithe, i gCeanada, i Meicsiceo agus i margaí eile i Meiriceá Thuaidh.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12454 — ELECTROLUX / MIDEA / JVs

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË